

Gluais Téarmaí agus Acrainmneacha Measúnachta

Torthaí Foghlama	Is ráitis iad torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.
Gnéithe Cáilíochta	Is ráitis iad gnéithe cáilíochta i sonraíochtaí ábhar nó gearrchúrsaí a chabhraíonn leis an múinteoir breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht obair na scoláirí chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh de thoradh teistiúcháin.
Intinní Foghlama	Is ráiteas é intinn foghlama do cheachta nó sraith de cheachtanna, a chruthaíonn an múinteoir agus a chuireann síos go soiléir ar an méid gur mhaith leis an múinteoir a bheith ar eolas ag na scoláirí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad in ann a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.
Critéir Ratha	Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus/nó na scoláirí a chumann iad. Cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar an iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir, agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht fhoghlaim na scoláirí.
Measúnú Leanúnach	Mar chuid den obair sa seomra ranga, bíonn scoláirí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí measúnaithe ar féidir leis a bheith foirmitheach nó suimitheach ina nádúr. Bíonn múinteoirí ag déanamh measúnachta mar chuid den chleachtas laethúil, trí bhreathnú ar scoláirí agus éisteacht leo agus iad i mbun tascanna, trí bhreathnú ar a bhfuil á scríobh agus á dhéanamh acu, agus trí mhachnamh ar an gcaoi a bhfreagraíonn, a gcumann agus a gcuireann siad ceisteanna. Úsáideann múinteoirí an t-eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí pianáil do na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo i suíomhanna níos struchtúrtha agus níos foirmiúla mar a mbeidh ar mhúinteoirí léargas ar dhul chun cinn na scoláirí a fháil chun cinntí a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí agus chun dul chun cinn a thuairisciú. B'fhéidir go mbainfeadh sé sin le scoláirí a bheith rannpháirteach i dtionscadail, fiosrúcháin, cásanna staidéir agus/nó teisteanna agus go dtarlódh sin ag amanna ar leith ar fhéilire na scoile.
Measúnú Foirmitheach	Is measúnú foirmitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear modhanna foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le linn an phróisis fhoghlama agus úsáidtear iad chun teagasc a chur in oiriúint do riachtanais na scoláirí. Ligeann an próiseas do mhúinteoirí agus do scoláirí eolas a bhailiú ar dhul chun cinn na scoláirí agus oiriúnuithe a mholadh do chur chuige teagaisc an mhúinteora agus do chur chuige foghlama an scoláire. Baineann measúnú chun foghlama le gnéithe uile an mheasúnaithe fhoirmithigh ach bíonn fócas ar leith ann ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.

Measúnú Suimitheach	Measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagasc nó tréimhse foghlama. Is é an aidhm atá leis ná achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a dhearbhu ar léirigh siad a dtuiscint, agus méid na tuisceana sin, ar an bhfoghlaim i gcomparáid leis na critéir ratha nó gnéithe cáilíochta a comhaontaíodh.
Measúnú Rangbhunaithe (MRB)	I ngach ábhar, tabharfaidh scoláirí faoi dhá MRB a éascóidh an múinteoir. Tarlóidh ceann amháin acu sa dara bliain agus an ceann eile sa tríú bliain. Is í an CNCM a dhearfaidh na tascanna agus clúdóidh siad réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear cur i láthair ó bhéal; obair scríofa de chineálacha éagsúla; gníomhaíochtaí practiciúla, dearaidh nó déanaimh; taibhithe ealaíne; turgnaimh eolaíochta; tionscadail nó tascanna oiriúnacha eile.
Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)	Beidh na múinteoirí uile a mbeidh baint acu le teagasc agus measúnú na MRBna rannpháirteach i gcruinnithe Athbhreithnithe ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ina gcomhroinnfidh agus ina bpléifidh siad samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair na scoláirí agus ina dtiocfaidh siad ar chomhthuiscint ar cháilíocht foghlaim na scoláirí.
Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)	Beidh tuairisc ag an PGSS ar ghnóthachtáil an scoláire i ngach réimse cuí foghlama lena n-áirítear ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochtaí Foghlama agus réimsí eile foghlama. Socrófar leagan amach na tuairisce ar bhonn náisiúnta, cuirfidh an scoil le chéile í agus gheobhaidh na scoláirí í san fhómhar tar éis an tríú bliain.